SEAN-OIRTHEAR NA HÉIREANN™

laois

Turas Oidhreachta Chontae Laoise

RÉAMHRÁ

Is contae iontach spéisiúil é Contae Laoise, ach fós fhéin tá sé ceann de na contaetha is lú go bhfuil trácht air. Tugann an leabhrán seo eolas don gcuairteoir agus don áitritheoir araon mar chúnamh dóibh ar thuras thart ar na láthaireacha oidhreachta i gContae Laoise. Dá mbéadh suim agat sna gcaisleáin, ní mhór dhuit a thosú amach i nDún Másc. Ní mhór do dhíograiseoirí fhiabheatha agus muintir spóirt cuairt a thabhairt ar an Iarsmalann Fhlaidireachta agus Foghléireachta. B'fhéidir go dteastódh sé ó dhaoine go bhfuil spéis acu san ailtireacht chun a thosú amach i gCúirt Ioma. Agus ar ndóigh, don té go bhfuil a chroí istigh i gceardaíocht fhíneálta, ba cheart dhó a gabháil caol díreach go dtí an iarsmalann i Móinteach Mílic. Léiríonn an dealbhóireacht atá lonnaithe ar an gConair Dhealbhóireachta go bhfuil an spioraid cruthaitheach sin a mhúnlaigh Contae Laoise fós beo beathamhach.

Níl ann ins an Turas Oidhreachta seo ach an gcéad céim ar aghaidh. Tá ós cionn 1,000 séadchomharthaí agus láithreacha stairiúila ar eolas againn i gContae Laoise. Tá daoine ann i ngach aon ceann de na láithreacha siúd ar fud fad an gcontae a bheidh in ann cúnamh a thabhairt dhuit ar do thuras fhéin. Mar sin is dá bhrí sin, ar aghaidh leat síos ceann de na bóithre lúbacha ins an gcontae. I gContae Laoise, le 'chuile throigh a shiúlfas tú, téann tú na cianta siar sa stair.

Grianghraif:
Laois Heritage Office; The National Inventory of Architectural Heritage, Department of Environment, Heritage and Local Government; Patrick Casey.

'The European Agricultural Fund for Rural Development: Europe investing in rural areas'.

National Development Plan
Transforming Ireland

SEAN-OIRTHEAR NA HÉIREANN™

Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil
Environment, Community and Local Government

LAOIS PARTNERSHIP COMPANY

An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council

Foilsithe mar comhthionscadal de Comhairle Contae Laoighis agus Laois LEADER, le tacaíocht ón gComhairle Oidreachta.

Gníomh ón bPhlean Oidhreachta Laoighis

Catherine Casey, Heritage Office,
Laois County Council, County Hall,
Portlaoise, Co. Laois.

Tel: 057 866 4129
Email: ccasey@laoiscoco.ie
www.laois.ie/heritage

www.facebook.com/laoisheritageforum
@LaoisHeritage

Eolas faoi turasóireacht agus lóistín i Laoighis ag www.laoistourism.ie

STAIR GAIRID CHONTAE LAOISE

Ba iad an gcéad dream a dtáinig go dtí Contae Laoise ná treibheanna de shealgairí agus cruinnitheoirí thart ar 8,500 bliain ó shoin. Théadh siad amach ag seilg ins na foraisí a chlúdaigh Contae Laoise agus dhéanaidís iascaireacht in a chuid aibhneacha. Chruinnidís cnónna agus sméara chun a chur lena a gcuid aistí bhia. In a dhiaidh sin, tháing na chéad feirmeoirí go hÉirinn Ghlan an dream Neoliteach seo na foraisí agus chuir siad bairr.

Tháinig an Ré Chré Umha go Contae Laoise thart ar 2,500 RC. Tháirg siad airm, uirlisí agus earraí órga. Is féidir fothracha a gcuid dúnta a fheiceáil i gCloch an Phúca agus i Móin an Oile.

Tugadh isteach limistéar Chontae Laoise faoi ríocht Osraí faoin chéad aois AD. Bhí an gcontae roinnte suas idir na Seacht gClainn Laoise: Uí Mhórdha, Uí Leathlobhair, Uí Dhóráin, Uí Dhúnlaing, Uí Dhuibhidhe, Uí Cheallaigh agus Mhic Aodh Bhuí. Chuir fir agus mná naofa go leor pobail chráfacha ar bun i Laois nuair a tháinig an Chríostaíocht go hÉireann. Idir an mbliain 550 AD agus 600 AD, chuir Naomh Cainneach Mainistir Achadh Bhó ar bun agus chuir Naomh Mochua an phobal chráfach i dTigh Mochua ar bun. Mhair pobal luath-Chríostaíoch i nDún Másc.

I ndiaidh an bhliain 1150, thosaigh an Eaglais ón Mhór-Roinn ag cur a cuid údarás ar an Eaglais neamhspleách in Éirinn. Ghéill na forgintí ádhmaid den luath-Chríostaíocht do na gcinn chloiche a tháinig in a n-áit. Rinne na hAgaistíneacha agus na Doiminiceacha fúthu fhéin in Achadh Bhó ag an am céanna gur ghlac na Cistéirseacha seilbh thar an tseanphobal cráfach i Mainistir Laoise.

Thimpeall an ama seo, ghabh na Normannaigh seilbh ar an gcuid is mó d'Éire. Tugadh anall Dún Másc mar chuid de spré Aoife, iníon an Rí Diarmaid Mac Murchadh, a phós an trodaí Normannach Strongbow i 1170. Agus iad ag teannadh ar aghaidh ar fud an chontae, bhíodh na Normannaigh in ann a fhaire amach thart orthu féin ón a gcuid mótaí, struchtúraí ádhmaid a bhí tógtha ar mhullach chré. Thógaidís dúnta chloiche chomh maith, Caisleán Lé in aice le Cúil an tSúdaire in a measc. Tá buntús de go leor de na bailte i gContae Laoise le fáil i mbuirgeacha a bhí curtha ar bun ag an dream Normannach, mar shampla Baile an Chaisleán agus Darú. Bhí an talamh ab fhearr faoi smacht na Normannach idir 1175 agus 1325 agus b'éigean do na nGaeil chun cúlú siar sna bogaigh agus na Sléibhte Bladhma. Facthas athbheochan Ghaelach ins an 14ú aois nuair a bhrúigh Taoisigh Ghaelacha na Normannaigh siar. Ghlac Clann Uí Dhiomasaigh Caisleán Lé agus ghlac muintir Uí Mhórdha Dún Másc. Tig leat túrthithe a bhaineann le na Taoisigh Ghaelacha a fheiceáil i mBealach Mór agus An Chúlchoill ar a bhfuil Síle na Gig le feiceáil araon.

Ghabh trodaithe Shasanacha na tailte ó mhuintir Uí Mhórdha sa bhliain 1548 agus thóg siad 'Campa' nó 'Dún Laoise' (The Fort of Leix) ar an áit in a bhfuil Baile Phort Laoise sa lá atá inniú ann. Ainmníodh an mbaile Maryborough agus tugadh Queen's County ar an gcontae in ómós don mBanríon, Mary Tudor. D'ordaigh an mBanríon chun an gContae a phlandáil le áitritheoirí Shasanacha. Bhí an gcuid ba mhó den

Uasaicme Ghaealach curtha anonn go Chúige Connachta agus Cúige Mumhan faoin mbliain 1610. D'fhan go leor tionóntaí agus spailpíní i gContae Laoise agus iad ar aimsear ag na tiarnaí úra.

Rinne fórsaí Cromwell réabadh ar Chontae Laoise i gcaitheamh an Cogadh Cathartha, iad ag milleadh go leor túrthithe ba le húinéirí Chaitliceacha iad. I ndiaidh do bhás Cromwell, d'éirigh Contae Laoise in a áit faoisimh do dhíbeartaigh agus teifí pholaitiúila. Chuir dream de chuid Cumann na gCairde futhu fhéin i Móinteach Mílic i 1659 agus tháinig na hÚgónaigh go dtí Chúil an tSúdaire i 1666.

Tháinig tréimhse sách suaimhneach le linn na blianta ina dhiaidh seo. Chuir an lucht Angla-Normannach teorann thar na tailte agus thóg siad go leor tithe mhóra spleodracha, mar shampla Caisleán Dharú agus Cúirt Ioma. Tógadh tithe spleodracha Seoirseacha ar shráideanna na bailte móra bhríomhara. Shín craobh den Chanál Mór amach go dtí Móinteach Mílic sa bhliain 1836, rud éigin a chuir go mór le borradh an bhaile.

Mhill an nGorta Mór idir 1845-49 an gcontae. Bhí an teip a dtáinig ar na bhairr ins na 1860í agus na 1870í, chomh maith le méadú fhiacha, mar chúis teannais idir na tiarnaí talúna agus a gcuid tionóntaí. Thaistil Mícheál Ó Dáibhéid agus Charles Stewart Parnell ar fud Contae Laoise ag earcú ar son Conradh na Talún agus ag troid ar son ceartaí thionónta in aghaidh Córas na dTiarnaí. Scaip Cogadh na Talún ar fud fad an gcontae, le baill ó Chonradh na Talún ag ionsaí údarás na dTiarnaí Talúna. Líon daoine dhíshealbhaithe chomh maith le daoine bhochta eile na tithe na mbochta ins an gcontae. Tháinig sos cogaidh míshuaite thart idir na tiarnaí talúna agus na tionótaí i ndiaidh do Acht na Talún a bheith curtha i bhfeidhm.

Sular cuireadh ar bun an stát sa bhliain 1922, bhí a lorg fágtha ag Na Ceiltigh agus Na Lochlannaigh, Tiarnaí Ghaelacha agus Ridirí Normannacha, manaigh agus Úgónaigh, tiarnaí talúna agus muintir Chonradh na Talún uilig ar an áit a dtugtar Contae Laoise air anois. Thug an Éire nua an t-ainm búndhúchasach ar ais ar an gcontae. Bhí an gcontae aitheanta aríst mar Contae Laoise.

1

TEACH NA MBOCHT I NDOMHNACH MÓR AGUS AN IARSMALANN THALMHAÍOCHTA

Is féidir le cuairteoirí do Teach na mBocht agus an Iarsmalann Thalmhaíochta i nDomhnach Mór na seomraí i dteach na mbocht a fheiceáil ag ionsaí go díreach mar a bhí siad le feiceáil ins 19ú aois. Tógadh an teach na mbocht seo chun freastal a dhéanamh ar na daoine ba bhoichte i gContae Laoise ag an am. Bhí sé maoinithe le cáin a bhí dhá chur ar úinéirí talúna áitiúla agus rinneadh é sa gcaoi is go mbéadh cuma chomh dhiúltach, gránna agus ba féidir air, ar riocht is go nach ghabhfadh daoine ann chomh bheag is go raibh siad go fíor i ngátar.

Cuireadh an náire ba mheasa ar an dream siúd an ndeachaigh isteach i dteach na mbocht. Agus iad cláraithe ann, ghéillfeadh siad suas a gcuid éadaí phearsanta agus chuirfeadh siad orthu culaith gairbh an tí. Scartaí teaghlaigh agus chuaigh buachaillí agus cailíní do a tsuanliosanna, fad is a bhí suanliosanna eile ann do fir agus mná. Bhí na coinníollacha maireachtála gruama go leor. Chodlódh cimí ar thochtanna cocháine a bhí cludaithe le giobalacha. Bhíodh buicéid fágtha amach i lár na suanliosa mar an t-aon áis leithris amháin do na daoine. D'oibródh na cimí ag tascanna i gcaitheamh an lae, agus ansin d'itheadh siad a ndinnéir i gciúnas.
Faoin t-am gur osclaíodh Teach na mBocht i nDomhnach Mór, bhí go leor de na daoine ba bhoichte ins an gceanntar curtha cheana fhéin nó bhí siad imithe anonn ar an mbád bán i ndiadh an nGorta Mór. Is dóichí go nach raibh an Teach na mBocht i bhfeidhm ach ar feadh cupla bliain sular dhúnadh é 1886.
Baineadh úsáid as mar bheairic i gcaitheamh Cogadh na Saoirse ag na Sasanaithe, go luath sna 1920í. Ansin, i 1927, rinneadh athchóiriú air chun a fhreastal ar bhfeirmeoirí áitiúla ins an gceanntar ag an tSochaí Comharchumainne Dhomnach Mhór.
Tugadh páirt den fhoirgneamh amach don comhphobal áitiúla mar áit chun stair na háite a n-insint. Sa lá atá inniú ann, tugtar an stair sin chun beatha ag deonaitheoirí crua-oibreacha thríd an Iarsmalann Theach na mBocht Domhnach Mhóir agus Talmhaíochta.

Chun eolas a fháil, tabhair cuairt ar www.donaghmoremuseum.com

2

MAINISTIR ACHADH BHÓ

Is é Naomh Chainneach a bhunaigh Mainistir Achadh Bhó sa séú aois. D'éirigh an mhainistir in a lárionad thábhachtach don lucht léinn, ghnó agus talmhaíochta. Bhí an realteolaí Naomh Virgilius, nó Naomh Feargal, mar ab sna 700í sular d'fág sé Éire agus ceapadh é mar Ard-Easpag Shalzburg.

I ndiaidh an mhainistir bunúsach a bheith dóite, cuireadh ar bun prióireacht Agaistíneach anseo sa mbliain 1234. Anois tá Teach an Phobail Anglach de Eaglais na hÉireann ón 18ú aois ar shuíomh an phrióireacht níos sine. Tá smionagair den struchtúr meánaoiseach sin le feiceáil ins an teach an phobail seo. Feictear cloigne cloiche Mheánaoiseacha ar an dtaobh thoir den doras. Tagann tuar na gcloigtheach atá ag an gcoirnéil thiar thuaidh den teach an phobail ón 13ú aois.

Tá na fothracha breá ar an lathair seo mar phairt den Mainistir Dhoiminiceach a bhunaigh Finghan Mac Giolla Phádraig, tiarna Osraí sa mbliain 1382. Istigh san eaglais, a bhí caoimhnaithe ag an bpobal áitiúla, tá fuinneog galánta trí-shoilse snoite ins an mballa thoir. Théadh na manaigh isteach thríd an doras atá sa mballa thuaidh, a lean amach ón gclabhstra. Rinneadh an doras ins a mballa thiar, atá mar bhealach isteach don phobail, ins an Ré Meánaoiseach.

Séard a tá le feiceáil sa lá atá inniú ann ná cnocán de Mhóta agus Bábún Normannach. Bhéadh tuar ádhmaid tógtha ar bharr an ndromainn géar-thaobhach créifóige seo, áit a gcuirfeadh siad a gcuid armachaí agus a mbíodh siad ag faire amach do ionsaitheoirí.

laois

3

DARÚ

Thug na foraoiseanna móra bhíodh le fáil go fada fairsinge ar fud na tíre i dtírdreach ársa na hÉireann a n-ainm do 'Darú', a bhí mar mhachaire darach do threibh áitiúla. Rinne na Normannaigh athrú ar an logainm sin go 'Durrow' nuair a chuir siad ar bun buirg ar Abhainn an tOiricín go luath san 13ú aois. D'éirgh chomh maith sin leis an lonnaíocht beag, féin-rialta seo, gur thug Rí hAnraoi III ceartaí do Geoffrey de Turville, Easpag Osraí, chun aonach bhliantúil a reachtái i nDarú, chomh maith le margadh gach Déardaoin.

Tháinig go leor de chuma Dharú, mar atá sé ag amharc sa lá atá inniú ann, thart mar gheall ar úinéireacht Chlann Flower (Bhíocuntaí Ashbrook), a bhain seilbh thar an mbaile go luath san 18ú aois. Thóg siad Caisleán Dharú agus thug siad ceadúnais do go leor de na tithe spleodracha Seoirseacha agus Victeoiriacha atá le feiceáil i nDarú san lá atá inniú ann.

Thar na dhá chéad an leanas, d'éirigh Darú ó neart go neart. Thagadh cóistí le luas thar an droichead agus stopadh siad ag an stáisiún chóiste áitiúla. D'fhás gnólachta áitiúla aníos, le grúdlann, muileann phlúir, fiontar bhraiche agus monarchan a ndéanfadh brící agus leaic d'ard chaighdeán in a measc.

De bharr na blianta de fhorbairt, ní raibh ach céadatá baoideach de foraiseanna Dharú le fáil i 1926. Le blianta beag anuas, tá daoine áitiúla ag féachaint le thírdreach álainn Dharú a shábháilt, chomh maith len a chuid ailtireachta. Sa lá inniú ann, tig le cuairteorí sult a bhaint as na lúbsiúlóídí choille chomh maith le spaistí a dhéanamh síos thrí sráideann álainne Dharú.

Chun breis eolas a fháil faoi Daru,
tabhair cuairt ar www.durrowvillage.com

laois

IARSMALANN FHLAIDIREACHTA AGUS FHOGHLÉIREACHTA NA HÉIREANN

Téann an Iarsmalann Fhalidireachta agus Fhoghléireactha na hÉireann siar ar 300 bliain de stair na seilge agus iascaireachta in Éirinn. Is só é duine ar bith go bhfuil suim aige nó aici i saol na tuaithe.

Cuireadh ar bun é i 1986 é le Walter Phelan, fear go bhfuil a mhuintir roimhe sáite i ngoithe iascaireachta. Rinne sé athchóiriú ar sheanteach tradisiúnta feirmeoireachta ar mhaithe le bailiúchán de shean slait, ríleanna, gunnaí, gléis iascaireachta, uirlisí agus speiciasanna de éanacha agus éisc a chur ann. Insíonn taispeáintais éagsúla scéalta seilge agus iascaireachta ó dhá thaobh. Léiríonn siad gléasanna bhundúchasacha - mar shampla adharc dheirceach bhó a bhí dhá úsáid chun cuileanna Bhealtaine a choinneáil ann - a bhí déanta ag ghnáthdhaoine a bhí ag seilg agus ag iascaireacht chun a chur lena gcuid aistí bhídh laethúila.

Chomh maith le seo, léiríonn an iarsmalann réimse leathan ghunnaí spleodracha, slait agus gléis iascaireachta a bhíodh dhá úsáid ag an uasaicme go raibh foghléireacht agus iascaireacht mar caitheamh aimsire dhóibh. Tugtar seomra uilig in ómós do Garnett's & Keegan's, comhlacht Éireannach a chuirfeadh treallamh d'ard chaighdeán iascaireachta agus foghléireachta ar fáil ar fud an domhain. Tá an mbailiúchán de cuileoga iascaireachta mar ábhar spéise i measc an bhailiúchán ollmhór seo, cuid acu a thagann ón tús an 19ú aois.

Tig le cuairteoirí a gabháil isteach go dtí macasamhail de sheomra Mhaoir Seilge ón 19ú aois chomh maith le saotharlann Ghabha Ghunnaí ón mbliain 1900. Tá taispeáintais éagsúla eile le fáil ins na Seomraí Iascaireachta agus Foghléireachta, Chorna, Lámhach Crécholúra, Teach an Bháid agus an Seomra Ghorach. Tá eolas le fáil faoi gach gné de iascaireacht agus seilg in Éirinn ins an Leabharlann síor-fhásach.

Chun uaireannta oscailte an mhúsaeim a fháil, téigh i dteahmháil le Walter Phelan.
Fón: 057 873 6112 nó 086 315 3088
Áiseanna do chuairteoirí:
Ionad Pháirceála, leithris, turas treorthe le áirithint riomh-ré

laois

5

GAIRDÍNÍ HEYWOOD

Tá na Gairdíní Heywood mar láthair do dhá leithéidí de gairdín: an pháirc mór a rinne Frederick Trench go mall sna 1700í, agus na gairdíní beaga fite fuaite a rinne an tUasal Edward Luytens agus Gertrude Jekyll go luath sna 1900í.

In éis do Trench Teach Heywood a tógáil i 1773, rinne sé tírdreachtaithe an talamh idir a theach-sa agus Baile na Coille. Agus é spreagtha i ndiaidh a thuras mór ar fud na hEorpa, bhog Trench cnocáin, chartaigh sé lochanna, chuir sé crainn agus thóg sé struchtúrí baoiseacha. Síleadh ag an am, gurb é a héacht ansin an sampla ab fhearr agus ba gleoite de thírdreachanna rómánsúila.

Go luath sna 1900í, chuir an gCoirnéal Hutchenson Pope cúntas faoi dhéin an ailtire iomráiteach; an tUasal Edwin Luytens, chun gairdíní fhormáltacha a dhearú thimpeall Teach Heywood. Is dóichí gur rinne Gertrude Jekyll an tírdreachtáil ar na gairdíní. Cé go bhfuil an teach imithe, tá na gáirdíní i measc cuide de na samplaí is fhearr de saothar Luytens in Éirinn.

Tá codarsnacht ann idir na gairdíní fhormaltacha agus na radharcanna iontacha den tírdreach. Téann siúlóid atá línte le crainn teile ar aghaidh go dtí ardán fhormálta atá ag dearcadh amach ar an tuaitheacht mórthimpeall air. Breathnaíonn ardán eile anuas ar cheann de na lochanna a chartaigh Trench ins na 1700í, áit in a mbíonn cearcanna uisce, cruidíní agus éanacha eile uisce le feiceáil.

Ins na gairdíní sáite, téann ardáin ciorcalacha anuas go dtí linn ubhchruthach, in a bhfuil dealbhanna beaga turtaracha ag síor-amharc go fairnéiseach ar an fhuarán mór. Ar an leibhéal uachtar, loggia le díon leacánach, tá sliocht as litríocht Alexander Pope greannta ann. Tá radharc faoi leith éasgúla den tírdreach a rinne Frederick Trench le fáil i 'chuile ceann de na fuinneoga atá ins an mballa a théann thart ar an ngairdín.

Tá na gairdíní faoi úinéireacht Oifig na nOibreacha Poiblí
Eolas do chuairteoirí ag www.heritageireland.ie
Fón: 057 873 3653 or 056 772 1450
Oscailte ar feadh uaireannta gealla. Áiseanna: Ionad Pháirceála

laois

MAINISTIR LAOISE

D'fhás an mbaile bunúsach de Mhainistir Laoise aníos i ngar dhon Abhainn Fheoir, ar láthair mhainistir uath-Chríostaíocht. D'fás an baile ón 12ú aois faoi choimirce mhainistir Shistíneach. I 1562, thug an Bhanríon Éibhlís an mainistir agus an talamh a bhain leis ar fad go Thomás de Búitléir, Iarla Thoir-Mhumhan. Thar an gcéad ina dhiaidh seo, d'fhás an tsráidbhaile, le 52 teaghlaigh ag maireachtáil ann. Ach, rinne na tuillte minice é in a háit mhíshlantiúil chun a chónaí ann.

Nuair a fháil Clann de Vesci Eastát Mhainistir Laoise i 1750, beartaigh siad chun an mbaile a n-aistriú. Leacaigh clann de Vesci sean-bhaile Mhainistir Laoise agus d-aistrigh siad an pobal go dtí baile úr pleanáilte.

D'imigh Mainistir Laoise ó neart go neart agus faoin t-am 1837 bhí 140 tithe ann. Dhéanfadh feirmeoirí áitiúla tráchtáil len a chéile ag an Teach Mhargaidh agus bhí gnólachtaí lonnaithe thart ar a chorrán. I measc den tionsclaíocht bhí muillte phlúra, grúdlann, agus monarchan a rinne cairpéad ardchaighdeánach (agus a rinne cairpéad don tsoithíoch só An Titanic) ann.

Dhearc An Bhantiarna de Vesci in éis baintreacha bochta i Teach na Déirce ar Shráid Temperance. Glacadh isteach an lucht dealbhacha go dtí Teach na mBocht, a osclaíodh in 1842.

Sa lá atá inniú ann, is féidir sult a bhaint as na fhoirgnimh aimseartha álainne a sheasann ann go fóill. In a measc siúd tá an teach an phobail de chuid Eaglais na hÉireann, an Teach Chruinniú Baistech, an Teach Chruinniú Mheitidisteach, agus an Teach an Phobail Chaitliceach. Don té a theastaíonn níos mó eolais uaidh nó uaithi maidir leis an tsaol i gcaitheamh lá na 1800í, is féidir leis nó léi a dul isteach go dtí Teach Sexton, go bhfuil athchóirú déanta air.. Chun an scéal ar fad a fháil faoin mbaile, téigh le do thoil go dtí an iarsmalann ag Teach Oidhreachta Mhainistir Laoise ins an sean Scoil Thuaidh.

Teach Oidhreachta Mhainistir Laoise www.heritagehousemuseum.com
Fón: 057 873 1653 Ríomhphost: abbeyleixlaois@eircom.net
Áiseanna: Ionad Pháirceála, leithris, siopa caife

7

TIGH MOCHUA

Is é ceann de na gnéithe a dhéanann an gcloigtheach in a cheann de na samplaí is spleodraí in Éirinn ná an ndoras Rómánasach snoite. Tá an phríomh bealach isteach maisithe le snoíodóireacht de dhaoine le féasóigí fada agus croiméil, thimpeall is 5 méadar ós cionn an talaimh. Maisíonn snoíocha beaga fuinneog ar an dara stór. Ní fios tuige gur rinne na manaigh ag Tigh Mochua doras chomh álainn seo. B'fhéidir gur rinneadh é ar mhaithe le shean-iarsma a thaispeáint do oilithrigh, nó b'fhéidir gur rinneadh é mar mhacasamhail den sean mhainistir a bhí ann fadó.

Tógadh cloigtheach Tigh Mochua in am éigin i gcaitheamh na 1100í ar láthair mhainistir a bhunaigh Naomh Mochua timpeall 600. Tá sé beagnach 30 méadar ar airde agus tá sé thar 17 méadar ag a bhun. Tá na ballaí ag ionsaí 2 méadar ar thiubh. Taobh istigh tá 5 seomraí éagsúla ann, a bhí le fáil le dréimirí.
Baintí úsáid ag an cloigtheach ag cuairteoirí chun a theacht ar an mhainistir. Ach mar sin fhéin, thiocfadh leo a bheith mar daingean chosanta. Bhéadh daoine in ann a faire amach ón gcloigtheach agus an gleo a scaipeadh dá tagadh aon námhaid orthu.
Bualaidh cloig chun mannaigh a glaoch chun phaidir agus chun comhartha a thabhairt nuair a bhí an mainistir faoi ionsaí. Nuair a chuala siad an aláram, bhailfidh na manaigh na cistí go leor an mhainistir agus chuaigh siad isteach sa cloigtheach. Nuair a bhí an dréimire tharraingt suas acu agus an doras faoi ghlas, choimeád na ballaí thiubh slán sábháilte iad.
Tá an gcloigtheach lonnaithe in áit deas treasna droichead coisithe atá thar an Abhainn Bháiteog. I ngar dhó, baineadh úsáid as teach an phobail de chuid Eaglais na hÉireann mar leabharlann agus tá caisleán de chuid an 17ú aois le gnéithe a bhaineann le séipéal de chuid an 15ú aois, chomh maith.

Rinneadh dealbh ar an láthair faoi chommisiún an bhunscoil áitiúla. Léiríonn an dealbh seo, atá den teideal 'Mochua's Desk', na trí pheataí dhá chuid a bhfuil trácht déanta orthu i scéal cáiliúl faoi: coilleach a dhúisigh é, luchóg a dtéadh ag coigint ag a chluas dá d'titfeadh sé in a chodladh agus ag guí, agus cuileog a stopfadh ar an fhocal faoi leith a stopfadh Naomh Mochua ag léamh air.

Tá an Cloigtheach oscailte laethúil ar feadh uaireannta gealla.
Áiseanna: Ionad Pháirceála

laois

IARSMALANN GHALINNEALLACHA AN TSRÁIDBHAILE

Déanann Iarsmalann Ghalinneallacha an tSráidbhaile comóradh ar na ghalinneallacha a bhí i gceannas ar iarnróid na hÉireann, a thóg a cuid bóithre agus d'oibrigh ar a cuid feirmeacha.

Tá réimse leathan de galinneallacha le feiceáil ann. In a measc siúd, tá an Mann Steam Cart, a tógadh sa bhliain 1918. Ghlanfadh agus threabhfadh an ghalinneall tarraingteach bheag seo an talaimh. Baineadh úsáid as ceann eile dhá leithéid seo, 'The Fowler', tógtha i 1936, ar oibriúcháin bhóithre agus briseacháin cloiche. Tá galinneall bheag álainn a bhí ordaithe ag an innealltóir Sam Geoghan i 1912, ar thaispeáint chomh maith. Tharraingíodh an ngalinneall bheag seo earraí amha thart lasmuigh de Grúdlann Ghuinness. Chuirfeadh sé bairillí phórtair síos chuig an gcé ar Abhainn na Life, áit gur gcurtaí iad ar shoithigh chun a thabhairt ar fud na cruinne.

I ngar don iarsmalann, feidhmíonn an Steam Preservation Society iarnród de thomhas caol taobh istigh de thalamh Halla an tSráidbhaile. Tógadh é seo, atá thart ar 1 km ar fad, idir 1969 agus 1982 le obair dheonach. Cosúil le na fo-iarnróid eile in Éirinn a dtéadh isteach go dtí na phríomhiarnróíd, tá an gceann seo 3 troigh ar leithead. Rinneadh an ghaltraen a tharraingíonn an traen ag Bord na Móna i 1949. Is féidir leat síob a fháil ar an Dé Luain agus Dé Domhnaigh nuair a bhíonn laethanta saoire bhainc ann, idir Bealtain agus Meán Fomhair. Tarlaíonn slógaí ar thalamh Halla an tSráidbhaile 'achaon Lá Saoire Bhainc Lúnasa.

Chun uaireannta oscailte an mhúsaeim agus amchlár don Iarnród Oidhreachta a fháil, cinntigh www.irishsteam.ie nó glaoigh ar 057 864 1878 nó 086 389 0184
Áiseanna: Ionad Pháirceála, leithris

DÚN MÁSC

Déanann na radharcanna spleodracha atá thart timpeal Dhún Másc é in a áit stráitéiseach chun daingean a thógáil. Thar na chéadta, throid trodaithe in aghaidh a chéile chun seilbh a ghlacadh thar an lomán aoilcloiche seo atá in a chosaint nádúrtha láidir. Is é an gcéad lonnaíocht go bhfuil trácht air ná ceann luath-Chríostaíocht gur rinneadh ruathar air ag na Lochlannaigh i 842.

Rinneadh an daingean Normannach ba thábhachtaí i gContae Laoise de Dhún Másc, le theacht na Normannaigh go hÉire go mall sna 1100í. Bhí sé mar chuid de spré Aoife, iníon Dhiarmuid Mhic Mhurchadh, Rí Laighin nuair a phósadh sí le Ridire Angla-Normannach darbh ainm Strongbow tar éis margadh i 1170. Nuair a phósadh Sibéal (iníon Strongbow agus Aoife) agus William Marshal (Iarla Phembroke), rinneadh ábhar spré aríst de Dhún Másc. Is dócha gur lean Marshall ar aghaidh le tuilleadh fhorbairt ar an gcarraig agus é in a chónaí ann idir 1208 agus 1213, cé go bhfuil an chuid is mó den chaisleán níos luaithe ná sin.

Choinnigh cúigear mhac Marshal an gcaisleán go dtí gur tugadh anall é go chlann Mortimer nuair a phósadh iníon Marshal, Eva de Braoise. Thug Eva na heallaigh dá iníon Maud nuair a phósadh í le Roger Mortimer. Géilleadh sealúchas ar fad de chuid clann Mortimer, Dún Másc ina measc, don gCoróin i 1330. Go gairid in a dhiaidh seo, is cosúil gur tháinig sé i seilbh Uí Mhórdha agus gur tréigeadh é. Abraíonn béaloideas áitiúla gur chuireadh faoi léigear agus gur phléascadh é ag an nGinearál Hewson agus an nGinearál Reynolds sa bhliain 1651. Cé go nach bhfuil aon tagairt déanta dhó i dtaifeadaí an ré sin, is é ábhar réalaíoch é dhon chaoi briste in a bhfuil sé sa lá atá inniú ann.

D'fhéach an tUasal John Parnell, Seansailéir an Pharlamaint Éireannach, le áit cónaí agus halla féasta a dhéanamh de Dún Másc i 1795. Baineann 'chuile gné meánaoiseach, mar na fuinneoga agus na doirse, le fothracha a bhí tógtha as áiteacha eile. Nuair bhásaigh Parnell, lig a mhac an áit chun a éirí lofa. Sa lá atá inniú ann, tá na fothracha faoi bhainistíocht stáit. Mairfidh Dún Másc le na chianta eile mar gheall ar an obair seandálaíochta agus caomhnaithe a ndearna Oifig na nOibreacha Poiblí air.

Oscailte laethúil ar feadh uaireannta gealla. Áiseanna: Ionad Pháirceála

CÚIRT IOMA

Dhearaigh an ailtire James Gandon (1743-1823), go raibh a cháil bainte amach aige ag dearadh foirgnimh mór phoiblí mar an Teach Chustaim agus na Ceithre Cúirte i mBaile Átha Cliath, an vile tuaitheach Cúirt Ioma.

Is sampla iontach é an teach seo den stíl néo-Classaiceach, go raibh an-tionchar air ó gcian-ailtireachta san nGréig agus sa Róimh. Thart an tí tá garranta galánta agus fearann páirce a leaganadh amach i dtosach ins an 18ú aois agus in a bhfuil plásóga fhormálta, loch agus siúlóídí coille le go leor crainn agus tomanna deasa ann.

Dhearaigh Gandon Cúirt ioma i 1790 faoi iarratas John Dawson, an gcéad Iarla de Chúil an tSúdaire. Ní raibh an teach críochnaithe nuair a fuair an Iarla bás i 1798. Ní raibh aon obair eile déanta go dtí na 1830í, nuair a críochnaigh an dara iarla an ngairdín agus chuir sé tús l'oibre taobh istigh. Ag tosú in 1860, tógadh an cruinneachán chopair ar an rotunda, rinneadh oibre ar an taobh istigh agus tógadh eite bhaitsiléara faoi aire an 3ú Iarla.

Thosaigh an teach ag dul in éag nuair a d'fhág an gceann deiridh de muintir Phortarlington Cúirt Ioma i 1920 agus díoladh é do Choimisiún na Talún. Cheannaigh na hÍosánaigh an teach i 1930 agus bhain siad úsáid as mar chliarscoil. Díoladh Cúirt Ioma don Major Cholmley Harrison i 1969, an duine a thosaigh leis an obair dian chun talamh an tí a chur ar ais mar a bhí. Inniú, tá Cúirt Ioma faoi stiúr Oifig na nOibreacha Poiblí.

Tá na gairdíní oscailte gach la ar feadh uaireannta gealla.
Ta an teach oscailte ar feadh an samhradh. Glaoigh ar 057 862 6573 nó cinntigh www.heritageireland.ie chun eolas a fháil.
Áiseanna: Seomra tae, Ionad Pháirceála, leithris

CÚIL AN TSÚDAIRE

Idir an mall 17ú agus an luath 18ú aois, bhí Cúil an tSúdaire mar Phárás i lár na tíre, áit éigin a gcloisfí Fraincís in áit Béarla nó Gaeilge ar an tsráid. Mhúnlaigh Úgónaigh Francacha, a bhí ag éalú ciapadh in a dtír féin, ailtireacht agus cultúr an bhaile bríomhar seo i lár na tíre.

Cuireadh ar bun Cúil an tSúdaire i 1666 ag Henry Bennett, an Tiarna Arlington, ar thalamh lonnaithe in aice le cor san Abhainn Bhearú. Níos dEanaí, díol Arlington an tsealúchas don tUasal Patrick Trant, tacadóir de Shéamus a dó. Nuair a bhuaigh Liam Óráiste ag Cath na Bóinne in aghaidh Séamus II sa mbliain 1690, gabh an gcoróin na tailte ar fad, Cúil an tSúdaire in a measc agus thugadh iad do Henri Massue, Marquis de Ruvigny (Rúviní), Iarla na Gailimhe agus níos moille Barún Chúil an tSúdaire. Chuir Ruvigny Cúil an tSúdaire ar fáil mar áit faoisimh do na teifigh Úgónacha. Bhí ar na Protastúnaigh Francacha agus Pléimeannacha seo éalú ón Fhrainc i ndiaidh an Fhorógra Nantes a bheith curtha ar ceal i 1685, rud a chuir bac roimhe a chreideamh a chleachtadh.

Bhí 500 Úgónach ina gcónaí i gCúil an tSúdaire roimh 1702. Bhí cuid acu sin in a noblesse d'epee, daoine uaisle de mhionthábhacht a ndeachaigh isteach isteach san arm go thradisiúnta. Chuir a gcuid tráchtála borradh faoin áit, agus scaip pobal bríomhar isteach go dtí Contae Uíbh Fháillí agus na h-áiteacha thart air. Bhain Cúil an tSúdaire cáil amach mar gheall ar a chuid Scoileanna Clasaiceach Poiblí, in a mbíodh na béasaí ardnósacha Francacha dhá mhúnadh do pháistí an tUasaicme. Sa lá atá inniú ann, is féidir le cuairteoirí tithe a bhí tógtha sa stíl Úgónach a fheiceáil ar Shráid an tSéipéil Francach agus Sráid Phádraig. Tá Caisleán Laoi, daingean Normannach den 13ú aois agus a ndeachaigh thríd go leor sheilbh suas go dtí na 1600í nuair a bhain fórsaí Cromwell anuas dhon talamh é, go cóngarach don áit seo.

MÓINTEACH MÍLIC

Áit go raibh cáil air mar 'Mhanchain na hÉireann', is baile de fhoirgnimh álainne é Móinteach Mílic. Tá cáil air mar gheall ar an fhíocháin sainiúil a ndéantar ann, Mountmellick Work. Cuireadh ar bun é ag Cumann na gCairde, nó na Quakers. Chuir William Edmundson faoi fhéin i Móinteach Mílic sa bhliain 1659 agus chuir sé teanús ar bun. Chuir daoine eile de chuid Cumann na gCairde fiontair eile ar bun cosúil le braichaireacht, grúdaireacht, tuirneacht agus fíodóireacht. Bhí Móinteach Mílic mar lár-ionad teicstíle roimh lár na 1700í.

Ba iad Pim's an phríomhchomhlacht thionscalaíochta ar an mbaile. I measc na bhfiontair éagsúla a bhí idir láimh acu bhí braichaireacht, grúdaireacht, súdaireacht, agus báicéireacht chomh maith le táirgíocht gliú, snaois, agus coinnle in éineacht le gnólachtaí mhiondhíolacháin agus mórdhíolacháin.

Tugadh borradh faoin áit in 1836, nuair a osclaíodh craobh den chanál mhór, ag ceangailt Móinteach Mílic le mhargaidh eile ar fud fad na tíre agus níos faide i gcéin. Insíonn an oidhreacht saibhair ailtireachta an bhaile scéal fáis na h-áite. Is é teach John Pim ar Shráid an Chalaidh, a bhí tóghta sa bhliain 1686, an teach cónaithe is sine a bhfuil ann i Móinteach Mílic. Léiríonn tithe breátha eile ón na 1700í an tsaibhreas mhaith a bhí ag na gcéad ceannaithe ins an áit. Tógadh roinnt tithe i gcaitheamh na 1800í ar Shráid an Thiarna Éadbhaird don fhóirne ins an Grand Canal Company.

Chum Johanna Carter an stíl bróidéireachta Mountmellick Work go luath sna 1800í, teicníc bhróídnéireachta 'bháin ar bhán'. Bhunaigh sí scoil bheag i Móinteach Mílic chun an gceard seo a mhúnadh do mhná na hÉireann, le go bhfaighfeadh siad beaclach theacht i dtír dhóibh féin. Léiríonn iarsmalann bhreá faoi reachtáil phoiblí cuide den bróidnéireacht seo sa lá atá inniú ann.

Eolas faoin Mhúsaeim agus an Slí Oidhreachta ag
www.mountmellickdevelopment.com
Fón: 057 862 4525
Ríomhphost: info@mountmellickdevelopment.com

laois

TEACHÍN AN BHFILE

Tugann an teach clúdaithe macasamhlach seo deis do chuairteoirí blaiseadh den tsaol mar a bhí ins na 1800í a fháil.

D'athraigh stíl na teachín in Éirinn thar na chéadta. Cé go mbéadh stíl faoi leith ag gach aon phobal, bhí an tromlach acu aon stór ar airde agus aon sheomra ar leithead. Bhéadh na fuinneoga agus na doirse ar chúl agus ós comhair an tí le shimléar ag gabháil aníos le hais na ndíona. Thógtaí na ballaí an tí le cloch nó le lábán áitiúla; dhéantaí an díon le ghiolcach nó le tuí agus ba mhinic.

Bhíodh na daoine ag obair agus ag ligean a scíste cois na tine. Bhí hanlaí iarinne acu chun potaí a fhiuchadh thar an tine. Le hais teocht na tine, bhíodh siad ag fuáil, ag cniotáil agus ag deasú éadaí agus uirlisí.

Cheap siad go raibh na seomraí níos faide ná an teaghlach 'ós cionn' an gcistineaigh agus go raibh na seomraí ar an taobh eile 'faoin' gcistineaigh. Bhaintí úsáid as na seomraí siúd mar sheomraí leapa, seomraí stóra agus ó am go chéile mar pharlúis. Siar fadó, i dtithe mar seo, choinneofadh siad na hainmhithe i seomra amhán den teach nuair a bhí na daoine ina gcoladh i seomra leapa ar an taobh eile.

Tá an teachín ainmnithe as Patrick Ryan, file a bhí in a chónaí i gCam Ros san 18ú aois agus go mbíodh sé de ghnás dhó chun a scríobh faoi áilleacht nádúrtha agus muintir an phobail seo.

Is é an simplíocht a thugann a áilleacht do na tithe seo. Suíonn na ballaí chloiche agus na díona tuí isteach go suaimhneach ins an timpeallacht, go díreach mar a neadraíonn an teachín ins an ngairdín bhlátha atá thart air, i gcroílár Cham Ros.

Chun cuairt a thabhairt ar an Músaem, glaoigh ar Mick Dowling 087 410 6493
Eolas do chuairteoirí do Sliabh Bladam ag www.slievebloom.ie

NOTES



The publishers gratefully acknowledge photographic contributions. The publishers cannot accept responsibility for errors or omissions but where such are brought to our attention future publications will be amended accordingly.

Designed by Penhouse Design www.penhouse.ie